

# Eleathanach283

Dé Máirt 30 Eanáir 2018

## Na Duaiseanna *Grammy* i Nua Eabhrac

Chan Miley Cyrus agus Elton John le chéile Dé Domhnaigh seo caite. Bhí na Duaiseanna *Grammy* ar siúl i Nua Eabhrac.

Tá Miley Cyrus 25 bliain d'aois agus chaith sí gúna álainn dearg. Chaith Elton John spéaclaí gréine nuair a sheinn sé an pianó! Chan siad an t-amhrán *Tiny Dancer* le chéile.

Bhí Beyonce, Jay Z agus Blue Ivy ann freisin. Tá Blue Ivy sé bliana d'aois. Níor bhuaigh Jay Z aon duais. Bhuaigh Kendrick Lamar rapamhrán na bliana. Bhuaigh Bruno Mars albam na bliana; *24K Magic* is ainm don albam.



## Tá an tEarrach ar a Bhealach!

Go traidisiúnta in Éirinn creidimid go dtosaíonn an tEarrach ar an gcéad lá d'Fheabhra. Tosóidh sé ar Lá Fhéile Bríde mar sin agus beidh deireadh leis an nGeimhreadh Dé Céadaoin. Úsáideann Met Éireann dáta níos déanaí sa bhliain do thús an Earraigh.

I mbliana bhí mí Eanáir an-fhliuch agus an-ghaofar. Ach cheana féin bíonn an lá geal níos faide gach tráthnóna. 'Tá an lá ag dul chun síneadh' a deir daoine. Tá bláthanna an Earraigh le feiceáil ina lán áiteanna, an plúirín sneachta agus an cróch ina measc.



## Scéalta Sacair

An tseachtain seo caite d'fhógair an FAI go bhfuil Martin O'Neill chun fanacht ina phost go ceann dhá bhliain eile. Is é O'Neill bainisteoir fhoireann sacair na hÉireann (foireann na bhfear).

Bhí ráflaí ann go raibh O'Neill chun bogadh go foireann i bPríomhroinn Shasana. Shínigh sé conradh nua leis an FAI. Is as Contae Dhoire d'O'Neill agus tá sé 65.

Is é Roy Keane a thánaiste agus beidh seisean ag fanacht leis na *Buachaillí sa Gheansaí Ghlas* freisin. Rugadh Keane i gCorcaigh.

An tseachtain seo caite d'fhógair Daryl Murphy go bhfuil sé chun éirí as an sacar idirnáisiúnta. Is as Port Láirge dó, agus tá sé 34.

D'imir sé le foireann na hÉireann níos mó ná tríocha uair. Is tosaí é Murphy. Imríonn sé le Nottingham Forest faoi láthair. Beidh díomá ar go leor go bhfuil sé ag éirí as.

